FÓGRA POIST

Comhairleoir/Áisitheoir Pleanála Teanga

á lorg do Limistéar Pleanála Teanga an Eachréidh

(Eanach Dhúin, Baile Chláir & An Carn Mór)

Tá coiste Pleanála An Eachréidh ag lorg tairiscintí ó dhaoine / eagrais atá cáilithe agus ag a bhfuil taithí chuí chun seirbhísí pleanála teanga a sholáthar i Limistéar Pleanála Teanga An Eachréidh.

Beidh an duine/eagras a cheapfar ag obair faoi stiúir an Choiste Pleanála Teanga chun Plean Teanga a ullmhú de réir Acht na Gaeltachta, 2012. I measc na ndualgas a bheidh ar an té a cheapfar, beidh togra taighde le dearadh agus le comhordú, anailís le déanamh ar staid reatha na Gaeilge sa Limistéar agus plean teanga le chur le chéile chun sástacht an Choiste.

Seol tairiscint mar aon le CV chuig Cathaoirleach Coiste Pleanála An Eachréidh ag anteachreidhpt@gmail.com nó chuig *Micheál Ó Muineacháin, Lios Ceann an Átha, Baile Chláir na Gaillimhe*, Gaillimh **roimh 5i.n. Dé Máirt an 10ú Iúil 2018**.

Ba chóir go gcuimseoidh an litir tairisceana tuiscint ar an tionscnamh agus ar an gceantar feidhme agus cur chuige molta, chomh maith le meastacháin ar chostas agus ar chlár ama na hoibre.

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal

Údarás na Gaeltachta

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs